




Scannáin Ghaeilge

Nuacht TG4 (Leibhéal B2)

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi na scannáin Ghaeilge sna póstaerí thíos. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus freagraí na ceisteanna.



féiniúlacht – identity
dátheangachas – bilingualism
poiblíocht, aird – exposure
ag craobhscaoileadh – broadcasting
i mbéal an phobail – topical
léargas ar – an insight into
gnáthscannán – mainstream film
fotheidil – subtitles
comhaimseartha - contemporary

1. Cad atá ar eolas agaibh faoi na scannáin sin?
2. Conas a chuidíonn a leithéidí de scannáin le cur chun cinn na Gaeilge in Éirinn agus i gcéin?

B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

achieved, earned:	_____
shortlist:	_____
scheme:	_____
top-class:	_____
talent:	_____
feature film:	_____
included:	_____
power:	_____
inspiration:	_____
to tackle:	_____

2. Féach ar an mír den chéad uair. An raibh na focail chéanna agat féin?
3. Cad é frithchiallach an fhrása – ‘*theip ar an scannán*’?
4. Ag obair le chéile go fóill, cén Ghaeilge a chuirfeadh sibh ar na teidil seo:

Screen Ireland

Broadcasting Authority of Ireland

C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat arís. Féachaigí ar an mír agus freagraí na ceistanna le chéile.

1. Cén scannán atá ar an ngearrliosta do ghradam Oscar?

2. Cad é *Cine 4*?

3. Cén aidhm atá ag *Cine 4*?

4. Cén fáth a bhfuil sé indéanta anois fadscannán a dhéanamh as Gaeilge?

5. Cad a bhí le rá ag Cúán Mac Conghail faoin scannán *Róise & Frank*?

6. An gá Gaeilge a bheith agat chun taitneamh a bhaint as na scannáin a luadh sa mhír?

7. Déan achoimre, in aon abairt amháin, ar an méid a dúirt Colm Bairéad.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an tuiseal tabharthach)

a) Féach ar na samplaí ón mír agus freagair na ceisteanna:

ar an ngearrliosta, ar an bhfód, ón scéim

1. Cad a tharlaíonn nuair a chuirtear réamhfhocal simplí + ‘an’ roimh ainmfhocal a thosaíonn le consan?
2. Cad a tharlaíonn nuair a chuirtear réamhfhocal simplí + ‘an’ roimh ainmfhocal a thosaíonn le d, t, s?
3. Cad a tharlaíonn nuair a chuirtear réamhfhocal simplí + ‘an’ roimh ainmfhocal a thosaíonn le guta?
4. Cén córas atá ann i gCanúint Uladh? Ní bhaineann an freagra ach le ceist 1 amháin.

b) Féach ar na sleachta seo ón alt *A hainm sa Táin ag ‘An Cailín Ciúin’ agus an scannán Gaeilge ar ghearrliosta na ngradam Oscar* a bhí ar www.tuairisc.ie ar an 22 Nollaig 2022. Bain amach na lúbíní agus cuir an fhoirm cheart de gach ainmfhocal sna bearnaí.

‘Tá gaisce stairiúil eile déanta ag an (scannán) _____ Gaeilge mór le rá, *An Cailín Ciúin*, agus áit bainte amach aige ar ghearrliosta do na gradaim Oscar.’

‘Níl ainmniúchán do ghradam Oscar faighte ag *An Cailín Ciúin* go fóill, áfach, agus cúig scannán as an 15 ar an (gearrliosta) _____ le roghnú ag baill an *Academy* idir seo agus deireadh mhí Eanáir.’

‘Tá ainmniúchán faighte freisin ag Colm Bairéad agus ag an (aisteoir) _____ óg Catherine Clinch sna rannóga don Scannánóir Nua is Fearr agus don Aisteoir Óg is Fearr.’

2: Cruinneas gramadaí (comhfhocail)

a) Féach ar na comhfhocail a bhí sa mhír. Cad is féidir leat a rá faoi na rialacha a bhaineann le comhfhocail a chruthú?

sármhaith, fadscannán, príomhpháirt

b) Cuir na focail thíos le chéile anois chun comhfhocail a chumadh:



(sean)(máthair), (comh)(aois), (iris)(leabhar), (sean)(teach), (ard)(caighdeán)

E: CUMARSÁID

1: Caint (ár dteanga dhúchais)

Bígí ag obair i ngrúpaí agus déanaigí plé ar an méid a dúirt Colm Bairéad. Cad atá i gceist aige sa ghiota thíos? Bainigí úsáid as na focail sa bholgán smaointe chun cuidiú libh.

‘...go bhfuil na scannáin seo ag labhairt linn inár dteanga féin. Tá cumhacht faoi leith ag baint leis sin.’



2: Scríobh (ár dteanga dhúchais)

Scríobh alt an-gherr (10 líne) faoin tábhacht a bhaineann le scannáin Ghaeilge chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa tír agus ar fud an domhain.

AN SCRIPT

Maolra Mac Donnchadha

Anois, bhí rath ar scannáin i nGaeilge anuraidh agus duaiseanna go leor bainte amach ag leithéidí *Róise & Frank* agus *An Cailín Ciúin*, atá ar an ngearrliosta do ghradam Oscar. Faoin tionscadal *Cine 4*, atá ar bun le cúig bliana, a maoiníodh na scannáin.

Sinéad Crowley, Comhfhreagraí Ealaíon agus na Meán

Le duaiseanna bainte amach agus brabús milliún euro déanta aige, ba é 2022 bliain *An Cailín Ciúin*. Tháinig sé ar an bhfód ar dtús le tacaíocht ón scéim *Cine 4*, scéim de chuid TG4, Fhís Éireann agus Údarás Craolacháin na hÉireann.

Deirbhile Ní Churraighín, Léiritheoir Feidhmiúcháin TG4

Is é an aidhm a bhí againn ná drámaí den chéad scoth a chur ar fáil agus go mbeadh an stádas céanna acu agus atá ag aon dráma in aon tír san Eoraip. Bhí a fhios againn go raibh an tallann ann, é a bhaint amach...

Sinéad Crowley, Comhfhreagraí Ealaíon agus na Meán

Scannán eile ar éirigh go sármaith leis ná *Róise & Frank*. Tá go leor daoine le Gaeilge san earnáil anois chun fadscannán a dhéanamh go hiomlán trí mheán na Gaeilge.

Cúán Mac Conghail, Léiritheoir, Macalla TEO

Samhlaíodh Bríd i gcónaí mar phríomhpháirt mar *Róise*. Agus... scríobh ... an coincheap i nGaeilge, scríobhadh i nGaeilge é, deineadh¹ i nGaeilge é. *Obviously like* tá, idir chriú agus aisteoirí, tá caighdeán éagsúla Ghaeilge ag gach duine. Ach is scannán é a deineadh i nGaeilge de bharr scéim TG4.

Sinéad Crowley, Comhfhreagraí Ealaíon agus na Meán

Tá lucht féachana timpeall an domhain ag baint taitneamh as na scannáin seo, agus muintir na hÉireann chomh maith, dóibh siúd nach bhfuil mórán Gaeilge acu san áireamh.

Colm Bairéad, Stiúrthóir, *An Cailín Ciúin*

Ceapaim chomh maith leis sin, go bhfuil saghas áthais éigin ar phobal na tíre, go bhfuil na scannáin seo ag labhairt linn inár dteanga féin. Tá cumhacht faoi leith ag baint leis sin. Agus tá bród, ceapaim, ag baint leis sin chomh maith. Agus tugann sé spreagadh, b'fhéidir, do dhaoine dul i ngleic le healaín Ghaeilge agus fiú amháin dul i ngleic leis an dteanga² arís iad féin.

Sinéad Crowley, Comhfhreagraí Ealaíon agus na Meán

Agus tá *An Cailín Ciúin* anois ag súil le Oscar a bhaint amach. Sinéad Crowley, Nuacht TG4.

¹ deineadh = leagan canúnach de 'rinneadh'

² Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Roinn an rang i mbeirteanna agus abair leo go mbeidh ceisteanna faoi na scannáin Ghaeilge le plé acu. Léigh trí na ceisteanna agus na focail sa bhosca le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud. Bí ag éisteacht agus ag cuidiú leo le linn na cainte. Is cuma mura bhfuil na scannáin feicthe acu. Is dócha gur chuala siad iomrá orthu cheana féin agus is féidir leo na híomhánna sna póstaer a úsáid chomh maith le buille faoi thuairim a thabhairt, mura bhfuil siad cinnte. Abair leo freisin go mbeidh siad ag déanamh tuilleadh plé ar an tábhacht a bhaineann le scannáin i nGaeilge ar ball beag.

B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

achieved, earned	bainte amach
shortlist	gearrliosta
scheme	scéim
top-class	den chéad scoth
talent	tallann
feature film	fadscannán
included	san áireamh
power	cumhacht
inspiration	spreagadh
dul i ngleic	to tackle

2. Tabhair deis do na foghlaimeoirí na focail a d'aimsigh siad féin a chur i gcomparáid leis na focail a bhí sa mhír.
3. 'D'éirigh leis an scannán'
4. Screen Ireland – Fís Éireann; Broadcasting Authority of Ireland – Údarás Craolacháin na hÉireann.

C: TUISCINT

Féach an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an tuiseal tabharthach)

- a) Féach:

1. Cuirtear **urú** ar an ainmfhocal a thosaíonn le consan tar éis réamhfhocal simplí + 'an'.
2. Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar ainmfhocal a thosaíonn le **d, t, s** tar éis réamhfhocal simplí + 'an'.
3. Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar ainmfhocal a thosaíonn le guta tar éis réamhfhocal simplí + 'an'.
4. Cuirtear **séimhiú** seachas urú ar an ainmfhocal a thosaíonn le consan tar éis réamhfhocal simplí + 'an' i gCanúint Uladh.

- b) Féach:

'Tá gaisce stairiúil eile déanta ag an **scannán** Gaeilge mór le rá, *An Cailín Ciúin*, agus áit bainte amach aige ar ghearrliosta do na gradaim Oscar.'

'Níl ainmniúchán do ghradam Oscar faighte ag *An Cailín Ciúin* go fóill, áfach, agus cúig scannán as an 15 ar an **ngearrliosta** le roghnú ag baill an Academy idir seo agus deireadh mhí Eanáir.'

Scannáin Ghaeilge

'Tá ainmniúchán faighte freisin ag Colm Bairéad agus ag an **aisteoir** óg Catherine Clinch sna rannóga don Scannánóir Nua is Fearr agus don Aisteoir Óg is Fearr.'

2: Cruinneas gramadaí (comhfhocail)

Féach:

- ✓ Séimhítear an dara focal i gcomhfhocail, e.g., príomhpháirt, ach amháin nuair a thagann **d, n, t, l** nó **s** le chéile, e.g., fadscannán.
- ✓ Braitheann inscne an chomhfhocail ar an dara focal, e.g., irisleabhar: iris (bn) + leabhar (fir) = an t-irisleabhar (fir).

seanmháthair, comhaois, irisleabhar, seanteach, ardchaighdeán.

Cumarsáid

1: Caint

Roinn an rang i ngrúpaí agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag déanamh plé ar an méid a dúirt Colm Bairéad, go háirithe sa ghiota a tugadh. Abair leo úsáid a bhaint as an ngluais agus iad ag caint. Bí ar fáil chun cuidiú leo.

2: Scríobh

Abair leo alt an-gherr a scríobh faoi conas a chuidíonn na scannáin seo an Ghaeilge a chur chun cinn in Éirinn agus thar lear.

Curtha ar fáil ag



Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc
& Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilge & Gaelscolalochta



**An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

